



## Dick Whittington

FADÓ, fadó, bhí buachaill bocht ann nach raibh athair ná máthair aige. Dick Whittington an t-ainm a bhí air agus théadh sé ó áit go háit ag lorg oibre. Ní raibh ach aon chara amháin sa tsaol aige agus b'aisteach an cara é sin – cat mór riabhach.

“A Chaitín dhil!” a deireadh Dick gach aon lá agus é ag déanamh peataireachta ar an gcat. “A Chaitín dhil! Cad a dhéanfainn de d’uireasa?”

Lá amháin bheartaigh sé ar shiúl go Londain toisc gur chuala sé go raibh airgead le déanamh ann. Bhí air na mílte agus na mílte a shiúl ach bhain sé an ait amach ar deireadh agus chuala sé creill an aifrinn ag bualadh sna séipéil.

“Anois, a Chaitín,” ar seisean, ‘b’fhéidir go bhfaighinn obair anseo agus go mbeimis saibhir fós.”

Níorbh fhéidir le Dick aon obair a aimsiú ar feadh tamaill fhada, ach i ndeireadh na dála, agus é lag leis an ocras, fuair sé obair mar bhuachaill aimsire sa chistin i dteach mór.

Bean chantalach ba ea an cócaire agus bhíodh sí de shíor ag tabhairt íde do Dick agus á bhualadh le lámh na scuaibe.

Ba chuma leis a ndeireadh sí leis nó a ndéanadh sí air fad agus nach ndéanfadh sí aon díobháil dá chat. Ach uaireanta, nuair a bhíodh Caitín sa tslí uirthi bhuaileadh sí cic uirthi agus chuireadh sé sin an-bhrón ar Dick.

D'oibríodh sé go dian dícheallach ach, mo léan géar, ní thugtaí dó le hithe ach sambó agus fuílleach na feola agus roinneadh sé le Caitín i gcónaí iad.

Lá amháin, tar éis don chocaire cic a tharraingt ar an gcat, agus clabhta sa chluas a thabhairt dó agus gan ach sambó a thabhairt dó le hithe arís, d'éalaigh sé ón teach. Rith sé trí shráideanna Londan agus in airde ar na cnoic a bhí ar imeall an bhaile. Shuigh sé síos ansin agus tinneas cinn air ón íde a tugadh dó agus é brónach doilíosach.

Ansin, chuala sé creill an aifrinn sna séipéil ag clingireach thíos i mbaile Londan. D'éist Dick go cúramach agus bhí an chuma ar an scéal go raibh an port céanna acu go léir agus is é a bhí siad a chanadh:

“Tar ar ais, Whittington,  
Méara Bhaile Londan;  
Tar ar ais,  
Whittington,  
Méara Bhaile  
Londan.”

“Dar fia,” arsa  
Dick agus é ag  
léim ar chosa, “is  
cosúil go bhfuil

siad ag caint liom. Téanam ort, a

Chaitín, rachaimid ar ais agus bainfimid triail eile as.”







THÁINIG DICK GO BAILE LONDAN AG LORG OIBRE

Leis sin, d’fhill an bheirt acu ar an teach mór. Nach ar Dick a bhí an t-ionadh nuair a fuair se amach go raibh an cócaire bailithe léi!

“Tá sí bailithe léi go cinnte,” arsa na cailíní aimsire. “Níorbh fhéidir leis an máistir cur suas lena cantal a thuilleadh.”

D’oibrigh Dick chomh dian dícheallach sin don chócaire nua gur thug an máistir aird air agus ba mhinic a sheoladh sé Dick amach le teachtaireachtaí. D’fheiceadh sé iníon an

mháistir anois is arís, agus nuair a dhéanadh sí meangadh gáire leis mheasadh sé nach bhfaca sé cailín ní b’áille riamh ina shaol.

“Mo léan géar nach duine saibhir mé,” a deireadh sé leis féin, “óir d’iarrfainn uirthi mo phósadh.”

An lá áirithe seo, ghairm an máistir na buachaillí agus na cailíní aimsire go léir chuig an halla. Bhí captaen mara ina sheasamh in aice leis.

“Cogar,” arsa an máistir, “is captaein é seo ar cheann de na longa atá agam agus tá sé ar tí imeacht chuig tíortha i bhfad i gcéin i mbun gnó.



An bhfuil aon rud agaibh a thabharfadh sibh dó? D’fhéadfadh sé malartú a dhéanamh leo agus seoda áille nó síoda mín a fháil.”

“Tá go deimhin,” arsa cuid de na buachaillí agus na cailíní aimsire agus bhailigh siad timpeall ar an gcaptaen. Theastaigh ó chuid acu go dtabharfadh sé seoda ar ais chucu agus theastaigh ó chuid eile éadaí síoda a fháil. Thóg sé an t-airgead uathu agus gheall sé go

ndéanfadh sé a dhícheall.







“Cad fút féin, a Dick?” arsa an máistir.

“Níl pingin rua agam,” arsa Dick go brónach, “agus níl rud ar bith sa tsaol agam le tabhairt uaim don chaptaen.”

“Mí-abha, mí-abha, mí-abha!” ar Caitín agus leis sin léim sí in airde ar ghualainn an chaptaein.

“Féach, tá rud éigin agat. Seol amach do chat!” arsa gach duine agus iad ag gáire.

“Déanaim amach go mbeidh an t-ádh leat má dhéanann tú é sin,” arsa iníon álainn an mháistir de chogar agus í ina seasamh in aice le

Dick.

“Ceart go leor,” arsa Dick. “Seolfaidh mé Caitín leat, a Chaptaein, go bhfeice mé conas a bheidh agat.”

Leis sin, d’imigh Caitín le captaen na loinge agus bhí an-bhrón ar Dick toisc gur bhraith sé uaidh go mór í.

Tar éis tamaill bhain an long Maracó amach agus chuaigh an Captaen ar cuairt chuig an Sultán Mór a bhí an-trína chéile.

“Féach!” arsa an Sultán, “tá an áit seo foirgthe le lucha. Táimid cráite acu agus ní féidir linn fáil réidh leo.”

“Cad a thabharfá dom dá bhféadfainn fáil réidh leo?” arsa an Captaen leis.

“Thabharfainn deich mála óir, cúig fhallaing is daichead agus caoga seoid luachmhar ach fáil réidh leo,” arsa an Sultán.

Gan a thuilleadh moille a dhéanamh, chuaigh an Captaen chuig an long agus thug sé Caitín ar ais leis. A thúisce a chonaic Caitín na lucha léim sí anonn is anall is mharaigh sí lucha sula raibh deis acu éalú uaithi. Nuair a stad sí chun anáil a tharraingt, d'fhéach an Sultán ar na céadta luch a bhí ina luí marbh ar an talamh agus ionadh an domhain air.

“Nach iontach an t-ainmhí í sin!” arsa an Sultán de bhéic. “Ní fhaca mé a leithéid riamh. An dtabharfá ar iasacht dom í, le do thoil?” ar seisean leis an gCaptaen.

Chaith Caitín tamall ina cónaí i Maracó agus d'fhan na mairnéalaigh ann freisin agus ba acusan a bhí an saol sóch.

Tamall ina dhiaidh sin bhí ceithre phuisín ag Caitín, agus bhí an oiread sin áthais ar an Sultán go mbeadh cait eile cosúil le Caitín aige gur thug sé gach ar gheall sé don Chaptaen mar aon le roinnt féiríní deasa eile.


“Tháinig tú i gcabhair go mór orm,” arsa an Sultán leis an gCaptaen, “agus beidh mé buíoch go deo díot.”

“Caithfidimid cur chun farraige anois,” arsa an Captaen lá amháin. “Fágfaidh mé na ceithre phuisín agat ach caithfidh mé Caitín a thabhairt abhaile liom óir beidh Dick Whittington ag súil go mór lena feiceáil arís.”

Leis sin, d'imigh siad leo ar an long agus d'fhág siad na ceithre phuisín ag an Sultán a bhí an-sásta.

Ar deireadh thiar thall bhain siad Londain amach agus thug an Captaen cuairt ar mháistir Dick.

Bhí gach éinne sásta nuair a d'fhill siad agus bhí Dick thar a bheith sásta Caitín a fheiceáil arís.



Chuir an Captaen fios ar na buachaillí agus na cailíní aimsire go léir agus thug sé féirín iontach do gach duine díobh.

“Seo agat do chuidse,” arsa seisean le Dick agus leis sin thug sé deich mála óir, cúig fhallaing is daichead agus caoga seoid luachmhar dó.

Nach ar Dick a bhí an t-ionadh nuair a chuala sé an scéal. “A Chaitín dhil!” ar seisean. “Cara maith a bhí ionat i gcónaí. Nach orm atá an t-áthas gur scaoil mé leat an uair sin.”

Fear saibhir ba ea Dick ansin. Phós se iníon an mháistir agus chónaigh siad le cheile i dteach mór i mBaile Londen. Chaithidís go carthanach agus go flaithiúil leis na daoine bochta agus bhíodh gach duine á moladh. Lá amháin roghnaíodh Dick mar Mhéara Bhaile Londen. Ní hamháin sin, ach roghnaíodh ina dhiaidh sin arís é agus ina dhiaidh sin arís eile.

Nach airsean a bhí an chuma mhaorga ina fhaillingí corcairdhearga agus nuair a chuala sé creill na séipéal an chéad lá a rineadh Méara Bhaile Londen de, mheas sé go raibh an méid seo á chanadh acu:





“Fáilte romhat, Dick Whittington,  
Méara Bhaile Londen;  
Fáilte romhat, Dick Whittington,  
Méara Bhaile Londen.”

Bhí an fhírinne acu an chéad lá riamh. Rinneadh an fear ba shaibhre den bhuachaill ba bhoichte toisc gur dhuine cineálta a bhí ann agus nár chaill sé a mhisneach. Mhair siad go léir go sona sásta ina dhiaidh sin.

